# Gnáth-ábhair

## Céard is aireagóir ann?

Cruthaíonn agus aimsíonn aireagóirí rudaí nua. Déanann siad iarracht fadhbanna a réiteach. Réitigh Joseph 'Spud' Murphy an fhadhb a bhain le criospaí a dhéanamh níos spéisiúla trí bhlasóirí criospaí a cheapadh. Oibríonn aireagóirí in go leor áiteanna oibre difriúla, ina measc:

- saotharlanna taighde
- a n-áit chónaithe
- ollscoileanna.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Fadhbanna a feiceadh a réiteach.
- Imscrúduithe a leagan amach agus tátail a bhaint astu chun a thuiscint an réitíonn an méid a cheap siad an fhadhb.



*Ba é Joseph 'Spud' Murphy an fear a chruthaigh criospaí Tayto. Sular cheap sé blasóirí nua, ní bhíodh ach blas salainn ar chriospaí. Chruthaigh a thurgnaimh cáis agus oinniúin, agus blasóirí eile ina dhiaidh sin.*


## Céard is déantóir bréagán ann?

Dearann agus déanann déantóirí bréagán bréagáin nua. Roghnaíonn siad ábhair go cúramach chun bréagáin a oibríonn i gceart a dhéanamh. Mar shampla, teastaíonn ábhar sínteach i liathróid phreabach agus caithfidh bloicíní a bheith láidir. De ghnáth, oibríonn déantóirí bréagán i:

- siopaí
- a n-áit chónaithe
- dearadh cluichí.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Cruthaitheacht nuair atá bréagáin nua á ndearadh, á ndéanamh agus á measúnú.
- Taighde a dhéanamh le foinsí tánaisteacha chun foghlaim faoin gcaoi le bréagán nua a dhéanamh.



*Seo é Arvind Gupta. Is déantóir bréagán as an India é, chomh maith le saineolaí eolaíochta.*

## Céard is innealtóir struchtúr ann?

Dearann innealtóir struchtúr struchtúir ar nós foirgneamh agus droichead. Úsáideann siad ábhair chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir láidir agus daingean, agus nach dtitfidh siad ná nach mbrisfidh siad. Oibríonn siad in áiteanna difriúla le daoine difriúla, ina measc:

- ailtirí
- tógálaithe
- innealtóirí eile.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Go maith ag obair le go leor daoine eile chun struchtúir láidre a dhéanamh.
- Tátail a bhaint as torthaí agus torthaí a chur in iúl nuair atá siad ag obair le daoine eile.



*Seo í Sophie. Is innealtóir struchtúr í in Caerdydd na Breataine Bige.*

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi ghnáth-ábhair a úsáid nuair a bheidh tú níos sine?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY